POLASAÍ TEANGA

IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE NAOMH EOIN

2023/24

IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE NAOMH EOIN
Inis Meáin, Oileain Árann, Co na Gaillimhe

etbi
Education & Training Boards Ireland
Boird Oideachais & Oiliúna Éireann

Polasaí Teanga Choláiste Naomh Eoin

Iar-bhunscoil Coláiste Naomh Eoin

Réamhrá:

Scoil ar leith í Coláiste Naomh Eoin, scoil a bhfuil aitheantas náisiúnta bronnta uirthi mar gheall ar a ról i dtárrtháil & buanú pobail ar Inis Meáin. (Gradam Pride of Place 2018). Tá an polasaí teanga seo mar bhunchloch na scoile agus ag tacú le hiarratas ar Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta agus le Plean Teanga thrí hoileáin Árann. Is scoil óg í Coláiste Naomh Eoin, a bunaíodh ar scéim pílótach i 2001 agus tar éis bliana bhraith pobal an oileáin fiúntas na scoile agus ghlac Coiste Gairm Oideachais Co na Gaillimhe cúram as an scoil mar aonad de Choláiste Cholmcille, Indreabhán, socrú a mhair go dtí Méan Fómhair 2018, nuair a bhronn an Taoiseach Leo Varadkar, stadas neamhspleách ar an scoil tar éis feachtas náisiúnta. Tá structúr bainistíochta agus a lena huimhir rolla féin 76534Q ag an scoil.

Is iad Comharchumann an oileáin ag an am a bhunaigh an mhéanscoil mar fhreagra ar iarrachtaí ó thuismitheoirí áitiúla cearta oideachais a gcuid gasúir a chuir ar fáil dóibh.

Roimh an gcéim mhíllteach seo bhí ar chuile ghasúr ón oileán an baile a fhágáil ag aois dhá bhliain déag má bhí siad chun oideachas dara leibhéal a fháil. Ar dtús le teacht saor oideachais chuaigh scoláirí Inis Meáin chuig scoileanna cónaithe éagsúla ar fud na Gaillimhe agus Mhuigh Eo, áit a mbíodh siad ar feadh téarma fada scoile roimh filleadh abhaile. Ghearr an imeacht luath seo an ceangal leis an mbaile ag aois óg, gníomh a raibh banú pobail mar thoradh.

Bunaíodh meánscoil ar Inis Mór i 1953 agus ar Inis Oirr in 1986. Bhí droch thionchar ag an easpa meánscoil ar bhánú daonra an Oileáin rud a d'fhág an pobal blianta fada ag meath. Bunaíodh Coláiste Naomh Eoin i 2001, nuair a tháinig deireadh leis na coláistí cónaithe ar fud Chontae na Gaillimhe. Bhí an chéad bhliain scoile ar bhun trialach agus ní raibh ach cearthar scoláirí sa scoil agus ba léir láithreach go raibh struchtúr tacaíochta oifigiúil bainistíochta ag teastáil.

Glacadh isteach Coláiste Naomh Eoin faoi scáth máthar scoil ar an mórthír, sin Coláiste Cholmcille Indreabhán socrú a mhair go dtí Méan Fómhair 2018, nuair a

bhronn an Taoiseach Leo Varadkar, stadas neamhspleách ar an scoil tar éis feachtas náisiúnta. Tá structúr bainistíochta agus a lena huimhir rolla féin anois ag an scoil 76534Q, ceann de na príomhspriocanna a bhí leagtha síos sa bplean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile

De bharr iargúltacht Oileáin Árann agus iad scoite amach ón mórthír, tá teorainn ar líon na n-uimhreacha de ghasúir áitúla a bheidh sa scoil mar sin thug an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta isteach scéim Scoláireachtaí i 2003 chun tacú le uimhreacha ar scoileanna na h-oileáin. Seo ceann de na tionscadail is rathúla agus is tairbhí do phobal na n-Oileáin Ghaeltachta ní amháin ó thaobh forbairt teanga de ach ó thaobh fás agus forbairt na scoileanna agus inmharanacht na n-Oileáin. Cuireann Coláiste Naomh Eoin oideachas ar fáil do ghasúir an Oileáin agus dóibh siúd ón tír mhór a lorgaíonn oideachas tré Ghaeilge i Scoil Ghaeltachta. Déantar chuile iarracht gasúir a earcú a chuaigh chuig gaelscoil más féidir, ach is dúil sa teanga agus meas ar an gcultúr gaelach a fhaigheann tosaíocht sa phróiséis roghnúcháin. Bogann clainne chuig Inis Meáin chun freastal ar an scoil, chun maireachtáil in ár measc agus chun líofacht a bhaint amach sa teanga. Le blianta tagann go leor scoláirí chugainn ar dheontais do cheantair iargúlta a íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna dóibh siúd a shantaíonn oideachas tré Ghaeilge ach nach bhfuil ar fáil ina gceantair dúchais.

Tháinig plean fadtéarmach don scoil i 2007 agus tugadh isteach cúrsa na hArdteiste. As an gcúig mhéanscoil ar oileán scoite amach tá Coláiste Naomh Eoin ar an triú scoil is mó anois, le 40 dalta, uimhir a bhfuil teorainn curtha uirthi againn sa scoil mar gur mian linn caomhniú a dhéanamh ar thréithe scoile ar Oileán Gaeltachta.

Tá pobal beo bríomhar ar Inis Meáin athuair a bhuíochas do fhás agus do fhorbairt na meánscoile. Tar éis blianta fada de bhanú pobail bhí leibhéal daonra Inis Meáin i ngéarchéim le triúr sa bhunscoil i 2014 ach níl sampla níos fearr de thábhacht scoile i bpobal ná h-éifeacht teacht na scoile sa bpobal seo le stop curtha le blianta de bhánú pobail. Tá an dara múinteoir ceaptha sa bhunscoil arís agus fás ar na huimhreacha, chomh maith le fás dá thuartha sna blianta amach romhainn. Tá gasúir bheag de bhunú an Oileáin ar Inis Meáin arís agus an Ghaeilge mar theanga nádúrtha baile sna teaghlaigh.

In aineoinn na ndeacrachtaí a bhí ó thaobh easpa stadas neamhspleách d'éirigh le Coláiste Naomh Eoin mar cheann de na gaelscoileanna is mó cáil sa tír, le tárrtháil pobal & tús áite don teanga Ghaeilge a bheith lárnach ina scéal. Tá feidhm na scoile níos leithne ná oideachas mar go bhfuil caomhnú pobal ar oileán chomh maith le caomhnú oidhreacht, teanga agus Gaeltacht fite fuaite le fás na scoile seo agus toradh dearfach dá réir le braith.

Tá cáil na Gaeilge ar Inis Meáin mar Ghaeltacht a bhí lárnach le hathbheochan na Gaeilge agus a spreag mór-ghníomhaithe teanga na h-ama. Is seoid agus tearmann teanga í Coláiste Naomh Eoin a chothaíonn luachanna agus beocht an teanga sa phobal beag seo.

Is í an Ghaeilge T1 sa Bhunscoil ar Inis Meáin agus tá tús áite aici i mbeagnach gach teaghlach ar an Oileán agus dóchas do fhás agus forbairt leis na glúinte atá ag

teacht aníos. Tá muid lárnach i ndearadh plean teanga do limistéar teanga Oileáin Árann. Is í an Ghaeilge an teanga baile ag 80% de na gasúir áitiúla agus is í an Ghaeilge teanga na scoile seo, cé nach hí an Ghaeilge teanga baile na scoláirí cónaithe. Múintear T1 Gaeilge TS amháin sa scoil.

Tuigtear tábhacht & gá atá leis an Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta faoi stiúr an Roinn Oideachais agus Scileanna agus mar chuid de pholasaí teanga na scoile seo agus den an phlean gníomhaíochta scoile tá muid tiománta.

De bharr na mblianta a raibh daonra an oileáin chomh híseal, tá cúpla bliain ann go mbeidh sruth cinnte scoláirí ón mbunscoil ag teacht chugainn arís, sin go mbeidh na gasúir óga ag aois meánscoile. Is mian linn leis an bpolasaí seo a thacaíonn leis an bplean Gníomhaíochta Feabhsúcháin scoile seo a chinntiú go mbeidh na hacmhainní againn chun a chinntiú go mbeidh tús áite ag spiorad, ag teanga agus ag tréithe na Gaeltachta seo agus go leanfaidh muid dá gcothú agus dá neartú i gColáiste Naomh Eoin.

Tá géarchéim náisiúnta maidir le múinteoirí a earcú, ach nuair a bhíonn Gaeilge agus oileán san áireamh is minic nach mbíonn aon mhúinteoir ar fáil agus cé gur de bhunú na trí hoileáin formhór na múinteoirí sa scoil faoi láthair is í an bhagairt is mó atá orainn ná má bhíonn múinteoir as láthair, tá an baol ann nach mbeidh muid in ann duine le Gaeilge a aimsiú.

Tá easpa téacsleabhair agus acmhainní caighdéanacha, tarraingteacha, suas chun dáta i nGaeilge so-léite, so-thuigthe do scoláirí, chomh maith le easpa aistriú caighdeánach go minic go mór mhór nuair a thagann sé chuig scrúduithe stáit. Is fiú tagairt freisin don mhórchuid ama a chaitear ag déanamh amach nótaí agus aistriúcháin.

Tá muid ag tnúth leis an bplean seo d’athaintas mar scoil Ghaeltachta a ghníomhiú le tacaíocht na Roinne Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú go mba fada buan an Ghaeltacht seo agus a tréithe.

.

Tá dualgas de réir an t-Acht Oideachais agus dualgas morálta orainn an stádas seo a chinnitú agus a neartú[1]. *“i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail”*

Cuirtear i bhfeidhm Polasaí Teanga Choláiste Naomh Eoin mar thacaíocht don phlean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile faoin Scéim Aitheantais mar scoil Ghaeltachta chun na spriocanna teanga-bhunaithe d’Aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach de réir mar a ghluaiseann an scoil i dtreo cur chuige an lán thumadh.

Spriocanna Ginearálta de réir plean Feabhsúcháin scoile Choláiste Naomh Eoin

1. Taithí oideachais den chéad scoth trí meán Ghaeilge dúchasach Inis Meáin a chuir ar fáil do chuile pháiste a thagann chuig na scoile seo atá i gceartlár na Gaeltachta.

[1] Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta: Polasaí Oideachas Ghaeltachta.

2. Díriú ar dhifreáil teangan chun saibhriú a dhéanamh ar theanga na gcainteoirí dúchais agus díriú ar riachtanais teangan na bhfoghlaimeoirí Gaeilge chomh maith le cúram a dhéanamh do chultúr agus d' oidhreacht Ghaeltachta an cheantair.

3. An Ghaeilge a neartú agus a dhaingniú tuilleadh mar theanga sóisialta agus mar theanga cumarsáide na scoile.

4. Structúr tacaíochta a chinntiú don scoil chun go mbeidh Coláiste Naomh Eoin ábalta an phlean seo a ghníomhiú.

Aidhmeanna:

- Chun Aitheantas Scoil Ghaeltachta a bhaint amach faoin scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta
- Tuiscint chuimsitheach a bheith ar éagsúlacht na scoile seo agus ar an abhanntracht as a bhfaisctear í, le tús áite i gcónaí ag an teanga Ghaeilge.
- Chun go ndéanfar an teagasc & foghlaim sa scoil tré mheáin na Gaeilge.
- Go ndeanfaí gnóthaí na scoile uilig tré mheáin na Gaeilge chomh fada agus is féidir.
- Cruinneas agus saibhreas teanga a threisiú agus ardchaighdeán Gaeilge a fhorbairt agus a chinntiú.
- Go spreagfaí an teanga Gaeilge, cultúr na Gaeilge agus cultúr an cheantair sa scoil agus i measc pobal na scoile
- Go luífidh Polasaí Teanga na Scoile le Plean Teanga Oileáin Árann[2]

Cur i bhfeidhm an Pholasaí

- Déanfar teagasc agus foghlaim tré mheáin na Gaeilge agus is í an Ghaeilge teanga cumarsáide na scoile.
- Déanfar chuile iarracht daltaí atá inniúil sa teanga a earcú ar scéim chónaitheach
- Déanfar an cultúr Gaelach a spreagadh sa scoil, déanfar é seo trí pháirtíocht i ngrúpaí ceoil, damhsa, drámaíocht, díospóireacht, agus imeachtaí Gaeilge agus Gaelacha eile mar pháirt den Scéim aitheantais do scoileanna Gaeltachta.

[2] Plean Teanga Oileáin Árann le foilsiú I 2019/2020

- Aithneoidh bainistíocht na scoile a gcúram maidir leis an bpolasaí Oideachas Gaeltachta agus maidir le gníomhiú an phlean feabhsúcháin scoile.
- Cuirfear béim ar iompar teanga na gcuairteoirí chuig an scoil (BordSláinte, Eagraíochtaí eile Stáit, Eagraíochtaí gnó agus deonacha)ionas nach mbeidh tionchar dhiúltach acu ar iompar teanga sa scoil.
- Úsáidfear acmhainní d'ard chaighdeán Gaeilge in obair na scoile.
- Tabharfar tús áite don Ghaeilge i gcomhfhreagras na scoile le páirtithe eile
- Reachtáilfear ceardlainne, taispeantais &rl sa scoil chun spéis sa nGaeilge a mhúscailt agus a spreagadh
- Is i nGaeilge amháin a reachtálfar gníomhaíochtaí an Bhord Bainistíochta.
- Cuirfear ina luí ar scoláirí agus pobal na scoile an dualgas agus an fhreagracht atá orthu fein maidir leis an nGaeilge a chaomhnú agus a láidriú.
- Meabhrófar tábhacht & buntáistí na Gaeilge do na scoláirí go rialta.
- Tabharfar tacaíocht do scoláirí agus tuismitheoirí nach bhfuil líofa sa Ghaeilge.
- Cuirfear inniúlacht Ghaeilge san áireamh nuair atá múinteoirí agus baill foirne á gceapadh do Choláiste Naomh Eoin agus déanfar ath fhógairt ar phoist nuair is gá.[3].
- Tá sé inmholta gach fógra poiblí a cuirtear suas bheith as Gaeilge.
- Is ionann gan cloi le polasaí teanga Choláiste Naomh Eoin agus séanadh ar an gcód iompar agus déanfar monatóireacht ar an gcóras VSWARE ar droch iompar teanga ó Scoláirí agus beidh smacht bhannaí an chód iompair le leanacht dá réir.
- Cuirfear Polasaí Gaeilge Choláiste Naomh Eoin in iúl do fhoireann na scoile, do dhaltaí agus do thuismitheoirí.
- Is i dtreo an lánthumadh a bheidh an scoil ag gníomhiú ag gach am agus an sprioc Aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

Déanfaidh Coláiste Naomh Eoin gach iarracht chun an Ghaeilge agus an Chultúr a chaomhnú agus a threisiú.

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta, Coiste na dTuistmitheoirí agus tuismitheoirí na scoile tacaíocht don Pholasaí Gaeilge.

Déanfar aithbhreithniú ar an bpolasaí seo gach bliain.

[3] Réamhriachtanais i gcomhair fostaíocht - BOOGR

Ghlac Bord Bianistíochta Choláiste Naomh Eoin leis an bPolasaí Teanga seo I 2018 Tugadh suas go dáta an Polasaí seo i 2022.

Síniú *Ciarán ó Ceallaigh*
Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta

Síniú: *Mairéad NÍ Fhátharta*
Príomhoide

.